Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14229/23**

**ECOFIN 1050
ENV 1126
CLIMA 477
FIN 1057**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13696/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid in oirchill an 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP 28) faoi UNFCCC a bheidh ar siúl in Dubai an 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2023<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 17 Deireadh Fómhair 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don aeráid mar a d’fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an gcruinniú dá cuid a tionóladh an 17 Deireadh Fómhair 2023.

**CONCLÚIDÍ ÓN CHOMHAIRLE ECOFIN**

**MAIDIR LE MAOINIÚ IDIRNÁISIÚNTA DON AERÁID**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI DÁ RÉIR torthaí na Tuarascála Bliantúla go Deichbhliantúla is déanaí de chuid na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta maidir le Nuashonrú ar an Aeráid gur dócha go dtiocfaidh méadú ar na teochtaí domhanda sna 5 bliana atá amach romhainn agus go rachaidh siad thar 1.5 C le hais na leibhéal réamhthionsclaíoch ar feadh bliain amháin ar a laghad. AITHNÍONN SÍ an phráinn a cuireadh in iúl i dtorthaí an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta (TM6) ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, lena gcuirtear béim ar an bhfíoras nach mór do na hastaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa (GCT) buaicphointe a bhaint amach roimh 2025 ar a dhéanaí agus laghdú 43 % faoi 2030 le hais leibhéil astaíochtaí 2019 má táthar leis an téamh a theorannú go 1.5 C os cionn an leibhéil réamhthionsclaíoch. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS conclúidí TM6 nach leor na sreafaí airgeadais domhanda atá ann faoi láthair chun tacú le hoiriúnú don athrú aeráide, agus nach sroichtear leis na sreafaí airgeadais na leibhéil is gá chun na spriocanna maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach ar fud na n-earnálacha agus na réigiún uile. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR torthaí na tuarascála maidir le hinfhaighteacht caipitil dhomhanda leordhóthanaigh agus an gá atá le comharthaíocht shoiléir agus tacaíocht shoiléir ó rialtais chun deireadh a chur le bacainní ar chaipiteal a atreorú chuig gníomhú ar son na haeráide, agus chun sreafaí airgeadais a mhéadú lena ndéanfar maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Meabhraítear di an cinneadh a comhaontaíodh i nGlaschú agus in Sharm-el-Sheikh dlús a chur leis na hiarrachtaí cumhacht ghuail neamhlaghdaithe a íoschéimniú agus fóirdheontais neamhéifeachtúla do bhreoslaí iontaise a chéimniú amach.

2. Sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍTEAR DI go n-éilítear claochlú struchtúrach ar gheilleagair intíre agus dhomhanda, ar mhargaí airgeadais agus ar infheistíochtaí chun an uaillmhian faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach, i dtreo athléimneacht aeráide agus neodracht aeráide.

CUIREANN SÍ I dTREIS gur sprioc agus cumasóir criticiúil araon é Airteagal 2.1(c) de Chomhaontú Pháras, atá ríthábhachtach chun an fhreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a neartú, trína áirithiú go mbeidh na sreafaí airgeadais comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt aeráid-díonach i gcás spriocanna eile an Chomhaontaithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá malartú substainteach tuairimí faoi Idirphlé Sharm-el-Sheikh chun feabhas a chur ar an tuiscint ar raon feidhme Airteagal 2.1(c) agus ar chomhlántacht an Airteagail sin le hAirteagal 9 de Chomhaontú Pháras[1]. Ag an am céanna, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá mír thiomnaithe nua maidir le hAirteagal 2.1(c) a chur ar an gclár oibre, ag tosú ag an 5ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gComhaontú Pháras chun go mbeidh na Páirtithe in ann plé a dhéanamh ar conas an sprioc faoin Airteagal sin a bhaint amach. TÁ SÍ AG SÚIL LE toradh uaillmhianach réamhbhreathnaitheach ar an Stocáireamh Domhanda ag COP28, lenar cheart comharthaí láidre a áireamh maidir leis an athrú mór a dhéanfar sa gheilleagar domhanda, sna margaí airgeadais agus in infheistíochtaí chun an t-athrú aeráide a phríomhshruthú i gcinntí eacnamaíocha agus airgeadais ar bhonn intíre agus domhanda, agus i mbuiséid náisiúnta agus sa chóras airgeadais don fhorbairt.

[1] In Airteagal 9 iarrtar ar Pháirtithe ar tíortha forbartha iad acmhainní airgeadais a chur ar fáil agus a shlógadh do thíortha i mbéal forbartha is Páirtithe lena ndéanfar maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus moltar san Airteagal sin do thíortha eile a dhéanamh amhlaidh.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le Comhaontú Pháras agus go ngníomhóidh siad go diongbháilte chun é a chur chun feidhme go huaillmhianach agus chun sreafaí airgeadais a ailíniú le spriocanna an Chomhaontaithe sin. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an tsraith chuimsitheach beartas agus uirlisí faoin gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear acmhainní atá ann cheana faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, mar bhonn taca leis an ngníomhaíocht a dhéantar ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear chun Airteagal 2.1(c) a bhaint amach; na cláir faoin Ionstraim Théarnaimh shealadach NextGenerationEU; an plean RePowerEU; Ciste Nuálaíochta CTA an Aontais, an Ciste don Nuachóiriú agus an Clár InvestEU, na cláir agus na hionstraimí sin go léir lena ngealltar 30 % nó níos mó dá gcaiteachas chun tacú le gníomhaíocht intíre nó idirnáisiúnta ar son na haeráide. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhartha reachtacha a formheasadh in 2023 faoi phacáiste an Aontais ‘Oiriúnach do 55’, lena leagtar síos beartais an Aontais i gcomhréir lena ghealltanas a ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, lena n-áirítear go háirithe trí ról na praghsála carbóin a neartú go leibhéil atá comhsheasmhach le sprioc teochta Chomhaontú Pháras.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór maoiniú príobháideach agus infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh, a shlógadh agus a éascú cionn is go mbeidh ar an earnáil phríobháideach tabhairt faoin sciar is mó de na hinfheistíochtaí a bheith de dhíth agus comhlánófar na hinfheistíochtaí sin le hacmhainní maoiniúcháin phoiblí don aeráid agus leis an ngníomhaíocht phoiblí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is ábhar imní di dá réir, scála an mhaoinithe phríobháidigh a chaitear chun tacú le gníomhaíochtaí nach bhfuil ailínithe le Comhaontú Pháras go háirithe in earnáil na mbreoslaí iontaise. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin na fóirdheontais agus dreasachtaí eile atá díobhálach don chomhshaol agus atá fós i bhfeidhm. IARRANN SÍ AR ghníomhaithe príobháideacha a sreafaí airgeadais a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an pacáiste nua beart faoi chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais arb é is aidhm dó gníomhaíocht na n-earnálacha príobháideacha agus airgeadais a neartú agus a éascú a thuilleadh i dtreo an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe faoi 2050, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialachán maidir le Rátáil Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais, an Moladh maidir le Maoiniú um Aistriú agus an leathnú breise a dhéanfar ar Thacsanomaíocht an Aontais trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha criticiúla a chur léi. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach a bheith trédhearcach maidir le rioscaí aeráide, idir rioscaí ábhartha agus rioscaí rialála, chun tionchair dhiúltacha a chosc agus go bhféadfadh sé go dtabharfadh an trédhearcacht sin luaíocht do na gníomhaithe is fearr feidhmíochta. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS glacadh na gCaighdeán Eorpach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta do chuideachtaí agus a n-idir-inoibritheacht leis na caighdeáin bhonnlíne dhomhanda de chuid an Bhoird Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta a foilsíodh le déanaí.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh le déanaí i gComhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide, lena n-áirítear an tuarascáil dar teideal *Strengthening the Role of Ministries of finance in Driving Climate action* [Ról na nAireachtaí Airgeadais a Neartú i ndáil leis an nGníomhaíocht ar son na hAeráide a Thiomáint], ina ndírítear ar na bealaí éagsúla ar féidir le hAireachtaí Airgeadais cuidiú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú sa bheartas eacnamaíoch, fioscach agus airgeadais. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go rannchuidítear le feabhas a chur ar shlógadh acmhainní príobháideacha, intíre agus idirnáisiúnta nuair a phríomhshruthaítear an aeráid ar an mbealach sin. TACAÍONN SÍ le Treochlár G20 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a chur chun feidhme chun maoiniú inbhuanaithe a mhéadú lena dtacaítear le Clár Oibre 2030 agus le spriocanna Chomhaontú Pháras.

6. MEABHRAÍTEAR DI tionscnaimh an Aontais agus tionscnaimh idirnáisiúnta chun infheistíochtaí a shlógadh lena gcumasaítear aistriú cóir inbhuanaithe, agus tacaíocht á tabhairt acu ag an am céanna don ghníomhú ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i ndáil leis an méid sin, na réamh-mholtaí ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le maoiniú inbhuanaithe a mhéadú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus tugann sí dá haire go spreagann sé samhail chomhtháite rannpháirtíochta le haghaidh straitéisí an Aontais, ina mbeidh raon iomlán de phríomhghníomhaithe an Aontais ó rialtais na mBallstát, ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ó institiúidí maoinithe forbraíochta, ó dheontóirí, ó infheisteoirí an Aontais agus ó ghnólachtaí an Aontais. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an bealach sin á leanúint ag an Aontas cheana féin trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, cur chuige a chuimsítear i straitéis na Tairsí Domhanda, lena bhfuil sé beartaithe aige suas le EUR 300 billiún d'infheistíochtaí a shlógadh le haghaidh tionscadail inbhuanaithe ardcháilíochta idir 2021 agus 2027, ag freagairt ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus ag áirithiú tairbhí marthanacha do phobail áitiúla.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur spreagadh é an tsamhail straitéiseach chomhtháite sin do na mórthionscnaimh a tosaíodh le déanaí, mar shampla, na Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an Afraic Theas, leis an Indinéis, le Vítneam, agus leis an tSeineagáil le comhpháirtithe G7+, lena gcruthaítear mais chriticiúil agus lena gcomhiomlánaítear maoiniú don fhorbairt agus cistiú príobháideach chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh chuig glanastaíochtaí nialasacha trí luas a chur le luathscor sócmhainní ardastaíochta agus le himscaradh foinsí in-athnuaite, agus ag an am céanna go dtacaíonn sí le haistriú cóir do phobail a bhfuil tionchar á imirt orthu. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um Bannaí Glasa Domhanda, tionscnamh , ina bhfuil cuibhreannas comhpháirtithe páirteach, lena n-áirítear go háirithe institiúidí maoinithe forbraíochta na mBallstát, agus arb é BEI ceannasaí an chuibhreannais, a bhfuil thart ar EUR 1 bhilliún geallta ag na comhpháirtithe sin, agus arb é is aidhm dó cabhrú le tíortha comhpháirtíochta caipiteal príobháideach a shlógadh i dtreo tionscadail inbhuanaithe. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht san Afraic, a sheol an tAontas agus an tAontas Afracach ag COP27, lena dtabharfar le chéile cláir atá ann cheana agus cláir nua dar luach os cionn EUR 1 bhilliún de mhaoiniú le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide san Afraic a stiúrfaidh an Coimisiún Eorpach agus roinnt Ballstát le chéile, agus TÁ SÍ AG SÚIL lena chur chun feidhme.

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais agus na mBallstát sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún a shlógadh don mhaoiniú don aeráid faoi 2025 i gcomhthéacs gníomhaíocht fhiúntach mhaolúcháin agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme, agus TÁ SÍ AG SÚIL go mbainfear an sprioc sin amach in 2023 agus TATHANTAÍONN SÍ ar gach tír eile lena mbaineann dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis sin. MEABHRAÍTEAR DI gurb é an tAontas, lena n-áirítear a Bhallstáit agus BEI, an deontóir is mó maoiniúcháin phoiblí don aeráid do thíortha i mbéal forbartha ar fud an domhain, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a gealltanas go leanfar le cionroinnt chothrom agus feabhsú sineirgí idir maoiniú don aeráid agus don bhithéagsúlacht. ATHDHEARBHAÍONN SÍ rannpháirtíocht chuiditheach an Aontais sa phlé maidir leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann faoi Chomhaontú Pháras. AITHNÍONN SÍ gur gné thábhachtach den sprioc chainníochtaithe chomhchoiteann é an t-airgeadas poiblí a chur ar fáil agus MEABHRAÍTEAR DI go socrófar í i gcomhthéacs gníomhaíocht fhiúntach mhaolúcháin agus thrédhearcacht maidir le cur chun feidhme, agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go léireodh an sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann iarracht dhomhanda ar mhaoiniú don aeráid a shlógadh ó gach foinse agus ó gach geallsealbhóir, idir phoiblí, phríobháideach, intíre agus idirnáisiúnta, agus go leanfaidh tíortha forbartha de bheith ar thús cadhnaíochta mar chuid den iarracht sin. MOLANN SÍ go láidir go mbeadh plé ann arb é is aidhm dó an bonn rannchuiditheoirí leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann a leathnú agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile i gComhaontú Pháras rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda sin de réir a gcumas airgeadais. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur cheart an sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a shocrú i gcomhthéacs na sreafaí airgeadais agus ba cheart do rannchuidiú le hailíniú na sreafaí sin le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus, dá bhrí sin, gur cheart inneachar, struchtúr agus tionchar claochlaitheach na sprice sin a bheith oiriúnach don chuspóir sin.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas agus na Ballstáit obair leantach a dhéanamh ar an iarraidh a rinne COP26 i nGlaschú go ndéanfaí, ar a laghad, dúbailt ar sholáthar comhpháirteach na dtíortha forbartha maidir le maoiniú don aeráid a chur ar fáil le haghaidh oiriúnú na dtíortha i mbéal forbartha, ar fiú USD 40 billiún é sin faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2019, de réir shonraí ECFE, i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir maolú agus oiriúnú don athrú aeráide, i gcomhar rialta le Páirtithe eile. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tacaíocht fhóinteach a chur ar fáil do na tíortha agus na pobail is boichte agus is leochailí, mar shampla na tíortha is lú forbairt (TLFanna) agus Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS). TÁ SÍ AG SÚIL le bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe ar tíortha atá i mbéal forbartha iad chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú oiriúnúcháin, lena n-áirítear trí thosaíocht a thabhairt don oiriúnú ina bpleanáil agus ina mbuiséid náisiúnta agus chun caiteachas a bhaineann le hoiriúnú a rianú ina dtimthriallta buiséid náisiúnta, agus leibhéal ard rannpháirtíochta a choinneáil leis na comhpháirtithe a d'fhéadfadh rochtain ar mhaoiniú a chur ar fáil agus a éascú.

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go n-oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit ar bhealach cuiditheach chun toradh rathúil a bhaint amach ar an obair atá sainordaithe ag COP27 maidir le socruithe nua cistiúcháin, lena n-áirítear ciste chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach, chun freagairt ar chaillteanas agus ar dhamáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, agus CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cheart an cúnamh sin a chomhcheangal le dreasachtaí don oiriúnú agus don athléimneacht agus go bhfuil sé tábhachtach do TLFanna agus do SIDSanna. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór a áirithiú leis na socruithe cistiúcháin nua a sainaithníodh comhordú agus comhlántacht leis na socruithe cistiúcháin atá ann cheana laistigh agus lasmuigh de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras.

IARRANN SÍ ar na comhpháirtithe ó na réigiúin uile atá in ann é a dhéanamh, a dtacaíocht a leathnú, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le réimse leathan foinsí, agus, dá bhrí sin, cur leis na foinsí, na cistí, na próisis agus na tionscnaimh atá ann cheana agus iad a chomhlánú chun comhordú níos fearr a áirithiú agus chun bearnaí tosaíochta a sainaithníodh sa réimse cistiúcháin atá ann cheana a dhúnadh. MEABHRAÍTEAR DI go mbíonn Ballstáit an Aontais ag rannchuidiú go gníomhach le tionscnaimh dhomhanda chun an chosaint do dhaoine bochta agus do dhaoine leochaileacha a mhéadú agus a fheabhsú trí níos mó maoiniú réamhshocruithe ar cháilíocht níos airde i gcoinne tubaistí a bhaineann leis an aeráid a chur ar fáil agus a éascú.

11. D'fhonn na sreafaí airgeadais domhanda a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar thosaíochtaí na dtíortha uile, go háirithe na dtíortha atá i mbéal forbartha, IS MÓR AICI an méid a tharla le déanaí ar freagairt é ar an ngairm ó COP27 agus ar thionscnaimh eile a rinneadh le déanaí lenar iarradh ar Bhainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) agus ar Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais athchóiriú a dhéanamh ar chleachtais na mbanc ó thaobh forbairt iltaobhach, tosaíochtaí, físe agus samhla de chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil dhomhanda aeráide. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le Treochlár Éabhlóide an Bhainc Dhomhanda, go háirithe an dul chun cinn atá déanta maidir leis na huirlisí freagartha ar ghéarchéimeanna a fheabhsú. Tacaíonn sí le Treochlár uaillmhianach G20 maidir le cur chun feidhme na moltaí san Athbhreithniú ar Chreat Leordhóthanachta Caipitil MDBanna G20 agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE acmhainn bhreise fhéideartha iasachtaithe an treochláir dar luach thart ar USD 200 billiún le linn na 10 mbliana atá amach romhainn bunaithe ar bhearta tosaigh an chreata sin atá á gcur chun feidhme agus á mbreithniú, lena n-áirítear an pacáiste a glacadh le linn Chruinnithe Earraigh 2023 lenar cheart acmhainneacht iasachtaithe an Bhainc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéadú le USD 50 billiún breise sna 10 mbliana atá amach romhainn. IARRANN SÍ ar na MDBanna tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme mholtaí an chreata leordhóthanachta caipitil, agus a n-inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach, a rátálacha creidmheasa láidre agus a stádas mar chreidiúnaí tosaíochta á gcoimirciú acu ag an am céanna.

AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí uaillmhianacha atá á ndéanamh ag na MDBanna chun a bhfreagairt chomhbheartaithe ar dhúshláin dhomhanda a neartú, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, mar a léiríodh, *inter alia*, tráth an Chruinnithe Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sheol deich MDB an mhodheolaíocht chomhchoiteann maidir le hailíniú oibríochtaí nua le Comhaontú Pháras agus gur fhógair Grúpa an Bhainc Dhomhanda próiseas chun tionchar an mhaoinithe don aeráid a chomhtháthú ar bhealach níos fearr leis na hiarrachtaí oiriúnaithe agus maolaithe i dtionscadail nua.

12. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar na MDBanna, ar institiúidí maoinithe forbraíochta eile agus ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin maoiniú do thionscadal breoslaí iontaise in earnáil an fhuinnimh a chéimniú amach a luaithe is féidir. IARRANN SÍ AN ATHUAIR ar an gCoimisiún Eorpach teacht ar chomhaontú ag ECFE maidir le deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail in earnáil an fhuinnimh breoslaí iontaise. Ar feitheamh comhaontú ag ECFE, MEABHRAÍTEAR DI rún na mBallstát a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur go hoifigiúil le tacaíocht do chreidmheasanna onnmhairiúcháin do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir agus atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras. IS DÍOL SÁSAIMH DI nuachóiriú Shocrú ECFE maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, lena gcruthaítear dreasachtaí breise chun tacú le raon níos leithne idirbheart atá neamhdhíobhálach don aeráid.

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI an móiminteam a cruthaíodh agus MOLANN SÍ an corpas iontach de tháirgí machnaimh agus tionscnaimh a cuireadh ar fáil ag an gCruinniú Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda, i measc nithe eile, maidir le conas dul i ngleic le cúinsí ina bhfuil fiachas ag dul i méid, an ghéarchéim aeráide, úsáid níos fearr a bhaint as maoiniú lamháltais, maoiniú príobháideach breise don aeráid a ghiaráil, agus/nó foinsí nua airgeadais a scaoileadh do na tíortha is mó atá neamhchosanta ar an athrú aeráide. TÁ SÍ AG SÚIL LE tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar roinnt ábhair thábhachtacha a pléadh ag an gcruinniú mullaigh.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an *Glao chun Gníomhaíochta maidir le Margadh Carbóin Ailínithe Pháras*, a seoladh ag an gCruinniú Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda, arb é is aidhm dó a áirithiú go mbainfidh na margaí carbóin láidre ardsláine intíre agus idirnáisiúnta barr a gcumas amach le bheith in ann dlús a chur leis na laghduithe astaíochtaí is gá agus a d’fhéadfadh, dá gcuirfí i gcrích iad, sreafaí suntasacha airgeadais a ghiniúint don mhaolú agus don oiriúnú, rud a thacódh, dá bhrí sin, le spriocanna uile Chomhaontú Pháras. IARRANN SÍ ar pháirtithe eile páirt a ghlacadh sa Ghlao agus é a chur chun feidhme, in éineacht leis an 31 sínitheoir tosaigh, agus MEABHRAÍTEAR DI go dtacaítear le prionsabail chomhchosúla leis an Ráiteas i ndáil le Prionsabail an Mhargaidh Carbóin Ardsláine a formhuiníodh ag Cruinniú Mullaigh G7 i mí na Bealtaine 2023.

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach forléargas a chur ar fáil ar shreafaí an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid ón Aontas Eorpach le haghaidh 2022, lena n-áirítear ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus óna Bhallstáit chun go ndéanfaidh an Chomhairle é sin a fhormheas roimh chruinniú COP28 UNFCCC.